# Seó Samhna den Scoth.



*Seo cuid de na daltaí sa Naíonáin Bheaga lena múinteoir **Carol Ní Dhochartaigh** Ó Ghaelscoil Riabhach agus iad réidh lena ndráma **'Na Sicíní Caillte'** a léiriú.*

Líonadh an halla le timpeall 400 duine ag ***Seó Samhna*** Ghaelscoil Riabhach i mBaile Locha Riach roimh bhriseadh lár-théarma ar na mallaibh. Ceiliúradh a bhí sa Seó seo ar athbhliain na gCeilteach agus ba léir go raibh pobal na scoile uile rann-phairteach ann. Seó gairmiúil den scoth ina raibh soilse, fuaim, cúlra ceoil is seit stáitse curtha le chéile don ócáid.

Cé gurbh iad daltaí na scoile a bhí i mbun drámaíochta, ceoil, amhránaíochta is eile, tuigeadh go maith go raibh go leor oibre déanta ag múinteoirí is tuismitheoirí na scoile leis. Is cosúil go raibh na daltaí faoi stiúir na múinteoirí ar feadh roinnt seachtaine agus dian-obair déanta ag gach duine leis an Seó speisialta seo a léiriú. Bhí sé le feiceáil go raibh neart oibre déanta ag tuismitheoirí, ag ullmhú cultacha éagsúla dóibh siúd ar stáitse is eile.

Caithfidh a rá go raibh toradh iontach lena saothar ar fad agus Seó gairmiúil léirithe ina raibh siamsaíocht den scoth curtha ar fáil don oíche. Bhí deich gcuid sa tSeó iomlán ina raibh gach uile dalta páirteach ó Naíonáin bheaga go Rang 6. Faraor, tháinig cuid de na hiarscoláirí ar ais agus buíon ceoil nuabhunaithe acu.

Bhí spórt is spraoi i ngach aon uile dráma agus ba mhinic a raibh an slua le cloisteáil ag gaire.



***Eoin Ó Conachán**, **Evan Ó Dochartaigh** agus **Jack Rosbotham** ó Rang 2, Gaelscoil Riabhach gléasta suas mar bheacha don dráma **'An Fómhar'**.*

D'éirigh go hiontach leis na scoláirí is óige ar ardán. Is cosúil nach raibh eagla ar dhuine ar bith acu a bheith ar an ardan agus ***'Na Sicíní Caillte'*** is ***'Billí Bus'*** léirithe acu. Bhí dráma oiriúnach ullmhaithe ag Rang 1 + 2 agus beacha go leor le feiceáil ins san dráma ***'An Fómhar'***. Bhí aisteoirí ildaite le feiceáil i gceoldhráma fíor-spéisiúil cumtha i dtaobh Bhaile Locha Riach don ócáid go háirithe, ***'An Píobaire Riabhach'***. Bhí a leagan féin ag Rang 4 ar ***'An Draoi Oz'*** ina raibh go leor draíocht is geasaí éagsúla le feiceáil arís. Chum Rang 5 + 6 dráma ar leith don ócáid chomh maith ina raibh ***'Tallann Locha Riach'*** le feiceáil is le cloisteáil ceart go leor. Mar aon leis an mhéid thuasluaite, bhí sliochtanna eile ina raibh seanchas is filíocht léirithe chomh maith.

Cuireadh clabhsúr l'imeachtaí na hoíche agus ***'Cór Riabhach'*** ar an stáitse le réimse breá amhrán a chasadh don lucht éisteachta mór bailithe. Bhain gach duine an-sult as na hamhráin ar fad agus ba mhinic a bhí an slua féin spreagtha le canadh i gcuideachta na ndaltaí.

Gabhann 'Gaeilge Locha Riach' comhghairdeas le gach uile duine a bhí páirteach leis an ***Seó Samhna*** a léiriú... d'éirigh thar barr leo ar fad agus ba cheart go mbeadh pobal gaelach an chedantair iontach bródúil go dtig le scoláirí óga Seó chomh héifeachtach a léiriú. Seá... tá daoine ag caint cheana féin ar an chéad Seó eile!



*Cuid de na daltaí ó Rang 3, Gaelscoil Riabhach ar an stáitse, gléasta go hildaite le linn a gceoldhráma lonnaithe i mBaile Locha Riach* ***'An Píobaire Riabhach'****.*




*Seo Rang 4, 5 + 6 ó Ghaelscoil Riabhach agus iad i mbun amhránaíocht ar stáitse le linn* ***Seó Samhna*** *i mBaile Locha Riach.*